# CINNTÍ

## CINNEADH (CBES) 2022/1367 ÓN gCOMHAIRLE

**an 4 Lúnasa 2022**

**lena leasaítear Cinneadh 2011/72/CBES a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Eanáir 2011, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2011/72/CBES ([1]) a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis.

(2) Ba cheart iontráil duine amháin, a ndeachaigh cur i bhfeidhm na mbeart sriantach ina choinne in éag an 31 Iúil 2022, mar aon leis an bhfaisnéis maidir lena chearta chun cosanta agus a cheart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil a scriosadh.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2011/72/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh 2011/72/CBES mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5:

“*Airteagal 5*

1. Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 31 Eanáir 2023.

2. Coimeádfar an Cinneadh seo faoi athbhreithniú leanúnach. Féadfar é a athnuachan nó a leasú, de réir mar is iomchuí, má mheasann an Chomhairle nár comhlíonadh na cuspóirí atá leis.”;

(2) leasaítear an Iarscríbhinn i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 4 Lúnasa 2022.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

M. BEK

([1]) Cinneadh 2011/72/CBES ón gComhairle an 31 Eanáir 2011 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis (IO L 28, 2.2.2011, lch. 62).

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2011/72/CBES mar a leanas:

(1) i Roinn A. ("Liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 1"), scriostar an iontráil don duine seo a leanas:

"45. Montassar Ben Habib Ben Bouali LTAIEF";

(2) i Roinn B ("Cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil faoi dhlí na Túinéise:"), scriostar an iontráil seo a leanas:

"45. Montassar Ben Habib Ben Bouali LTAIEF

Tá an t-imscrúdú nó an triail a bhaineann le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí fós ar siúl. Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh na cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí breithiúnacha ar ar bhraith an Chomhairle. Is léir sin go háirithe ós rud é gur thug, in 2011 agus in 2013, breitheamh imscrúdaithe éisteacht do Montassar Ben Habib Ben Bouali LTAIEF i láthair a dhlíodóirí.".